Cor Poist Foireann na hIar-bhunscoile Eanáir 2025

A Chomh-mhúinteoir, a chara,

Ba mhaith le Foireann na Gaeilge Iar-bhunscoile, beannachtaí na hAthbhliana úire a ghuí ort agus ar phobal do scoile. Tá fáilte romhat ar ais tar éis na Nollag agus guímid gach rath ort agus ar do scoláirí don téarma scoile seo. Go raibh maith agat as clárú le cor poist a fháil uainn. Ba mhian linn athbhliain faoi shéan is faoi mhaise a ghuí oraibh, agus ba bhreá linn an deis seo a thapú roinnt eolais i dtaobh an teagaisc agus na foghlama a chur faoi do bhráid.

Seo a leanas na topaicí atá luaite sa chor poist seo:

- EFG nua *Bláthú Teanga í a Léamh*
- Acmhainn nua ó CNCM
- Cúrsaí EFG sna hIonaid Oideachais
- Nóta eolais faoin tSraith Shinsearach ón CNCM
- Tuarascáil Chomhairliúcháin maidir le Dréachtsonraíochtaí T1 agus T2 le haghaidh Ghaeilge na hArdteistiméireachta
- Feachtas Earcaíochta ar bun ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Bláthú Teanga í a Léamh ... / EFG idirghníomhach ar Zoom Beidh sraith d'eispéiris foghlama ghairmiúla (EFG) ar siúl ag Oide faoin gCiorclán 0070/2024: Ábhar Dualgais do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh 2027 agus ina dhiaidh sin. Sa chéad eispéireas foghlama gairmiúla (EFG), Bláthú Teanga í a Léamh: 1 Spléachadh ar 'Cócó' agus 'Deireadh na Feide', fiosrófar bealaí le litríocht a úsáid	

mar acmhainn teanga i bhforbairt scileanna teanga le béim ar an gcur chuige comhtháite. Bheadh sé fiúntach an t-ábhar dualgais sin a iniúchadh roimh ré. Beidh an t-aiseolas ó na rannpháirtithe mar bhonn eolais i ndearadh na chéad EFGanna eile sa tsraith amach anseo. Cuir d'áit in áirithe ag https://oide.ie/ga/muinteoiri/	
Ábhar tacaíochta 'Iníon' le hÁine Durkin Tá an dara treoir teagaisc do Ghaeilge na hArdteistiméireachta ó 2025 curtha le chéile ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta bunaithe ar dhán Áine Durkin 'Iníon'. Seo acmhainn nua do mhúinteoirí agus scoláirí agus sibh ag dul i ngleic leis an bhFilíocht Chomónta Ainmnithe do Ghaeilge na hArdteistiméireachta a fógraíodh i gCiorclán 0070/2024. Cliceáil anseo le tuilleadh eolais a fháil. Tá an chéad treoir teagaisc, bunaithe ar 'Eoinín na nÉan' (Gearrscannán) ar fáil anseo.	

Cúrsaí EFG sna hIonaid Oideachais Tá réimse leathan de chúrsaí oiliúna do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí ar siúl sna hIonaid Oideachais fud fad na tíre an téarma seo. Más maith leat tuilleadh eolas a aimsiú ina dtaobh, tá nasc anseo chuig suíomh náisiúnta na n-ionad oideachais.	
Nóta eolais faoin tSraith Shinsearach ón CNCM D'eisigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) nóta eolais faoi Thuarascáil Chomhairliúcháin maidir le Dréachtsonraíochtaí T1 agus T2 le haghaidh Ghaeilge na hArdteistiméireachta. Tugann an nóta eolais léargas ginearálta ar an Tuarascáil Chomhairliúcháin agus ar na chéad chéimeanna eile do Ghaeilge na hArdteistiméireachta. Is féidir an nóta eolais a léamh trí chliceáil anseo.	
Tuarascáil Chomhairliúcháin maidir le Dréachtsonraíochtaí T1 agus T2 le haghaidh Ghaeilge na hArdteistiméireachta Tá Tuarascáil Chomhairliúcháin maidir le Dréachtsonraíochtaí T1 agus T2 le haghaidh Ghaeilge na hArdteistiméireachta le fáil ar shuíomh CNCM ó mhí an Mhárta	

2023. Is féidir an tuarascáil chomhairliúcháin a léamh anseo.	
Scrúdaitheoir CSS Tá an Earcaíocht do Scrúdaitheoirí Béaltrialacha agus Praiticiúil 2025 ar oscailt anois. Tá an fhoirm iarratais le fáil anseo.	

Má ritheann aon cheist leat, fáiltímid roimh chomhfhreagras uait. Níl le déanamh agat ach ríomhphost a sheoladh chuig eolas@oide.ie

Is muidne le meas,

Foireann na Gaeilge Iar-bhunscoile, Oide.

‘Tosach sláinte codladh’